

North South Ministerial Council
Joint Secretariat



An Chomhairle Aireachta
Thuaidh Theas
An Chomhrúnaíocht

PÁIPÉAR CATT LAN 2 (10) JC

AN CHOMHAIRLE AIREACHTA THUAIDH/THEAS

FORMÁID RANNACH AN FHORAIS TEANGA

OIFIGÍ CHOMHRÚNAÍOCHT NA COMHAIRLE AIREACHTA THUAIDH THEAS, ARD MHACHA

3 SAMHAIN 2010

COMHRÁITEAS

1. Tionóladh an t-aonú cruinniú dhéag den Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas i bhformáid rannach an Fhorais Teanga in Ard Mhacha ar an 3 Samhain 2010.
2. I láthair ag an gcruinniú bhí Nelson McCausland MLA, An tAire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta, Pádraig Ó Ciardha TD, An tAire Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta, agus Caitriona Ruane, MLA, an tAire Oideachais. Ba é an tAire McCausland cathaoirleach an chruinnithe. Ba shaincheisteanna a bhaineann leis an bhForas Teanga agus lena dhá chomhghníomhaireacht, Tha Boord o Ulstèr Scotch (Gníomhaireacht na hUltaise) agus Foras na Gaeilge a bhí faoi chaibidil ag an gcruinniú.

TUARASCÁLACHA AR DHUL CHUN CINN

3. Cuireadh tuarascálacha ar dhul chun cinn ó Fhoras na Gaeilge agus ó Gníomhaireacht na hUltaise faoi fhorbairtí cothrom le dáta sa bhliain 2010 faoi bhráid na Comhairle. Nótáil na hAirí an comhoibriú leanúnach atá ar siúl idir na Gníomhaireachtaí, lena n-áirítear:

- beartas Earcaíochta don Fhoras Teanga;
- comhphlean Gníomhaíochta um Mhíchumas agus beartas ar Chosaint Leanaí agus Cód Cleachtais;
- conradh le sainchomhairleoirí Acmhainní Daonna chun conarthaí foirne a dhréachtú agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar thuairiscí aonair poist;
- bileog Eolais ar an bhForas Teanga; agus
- leanúint ar aghaidh leis an tsraith Léachtaí 'Ár nOidhreacht Choiteann' lena n-áirítear léacht nua ar stair na dteangacha.

Nótáil na hAirí freisin an dul chun cinn atá déanta ag na Gníomhaireachtaí, lena n-áirítear:

- Rinne Gníomhaireacht na hUltaise comóradh ar a gcéad (100) cruinniú Boird ar an 18 Lúnasa 2010;
 - Chuir Gníomhaireacht na hUltaise maoiniú ar fáil do 27 scoil samhraidh agus do 10 cumann iarscoile sa bhliain 2010 agus tá ag éirí go maith leo daoine óga a spreagadh chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí na hUltaise;
 - Chuir Gníomhaireacht na hUltaise réamh-mheasúnacht i gcrích ar scéim nua na n-oibrithe pobail, a tugadh isteach ar bhonn piolótach sa bhliain 2010;
 - D'éirigh le Gníomhaireacht na hUltaise trí bhíthin scéim mhaoinithe na Comhpháirtíochta an cultúr Ultaigh-Albanach a chur i láthair lucht féachana níos forleithne trí raon bealaí lena n-áirítear scannán, turasóireacht agus taibhléirithe amharclainne;
 - Bhunaigh Foras na Gaeilge oifig nua i nGaoth Dobhair ar an 1 Meán Fómhair 2010;
 - Chuir Foras na Gaeilge maoiniú ar fáil do 65 Campa Samhraidh sa bhliain 2010;
 - Tá bailchríoch á cur ag Foras na Gaeilge ar an gcóras creidiúnaithe d'eagarthóirí Gaeilge a thabharfar isteach faoi dheireadh na bliana 2010 agus beidh an chéad scrúdú ar siúl go luath sa bhliain 2011;
 - Chuir Foras na Gaeilge athbhreithniú inmheánach i gcrích ar an scéim 'GLEO' (Gaeilge Labhartha san Earnáil Oideachais) sula dtosódh scoilbhliain 2010/11.
4. Ghlac na hAirí buíochas le John Hunter, Cathaoirleach Gníomhaireacht na hUltaise atá ag dul as oifig don obair a rinne sé don Fhoras Teanga.

PLEANANNA GNÓ AGUS BUISÉID 2010 AN FHOAIS TEANGA

5. Cheadaigh an Chomhairle Pleananna Gnó agus Buiséid 2010 An Fhorais Teanga.

PLEAN CORPARÁIDEACH 2011-13 AGUS PLEAN GNÓ AGUS BUISÉAD 2011 AN FHOAIS TEANGA

6. Nótáil na hAirí an dul chun cinn a rinneadh ar Phleananna Corparáideacha a fhorbairt do Ghníomhaireacht na hUltaise agus d'Fhoras na Gaeilge don tréimhse 2011-2013, lena n-áirítear na cuspóirí straitéiseacha, na tosaíochtaí agus na moltaí ar éifeachtúlacht atá ag teacht chun cinn. Aithníonn an dá Aire na dushláin atá ann san aeráid eacnamaíochta reatha agus tá sé aontaithe acu comhoibriú le chéile chun na bearta a chomhaontófar idir an dá Aire Airgeadais i gcomhthéacs na próiseas buiséid faoi seach a chur i gcrích.

TUARASCÁLACHA BLIANTÚLA AGUS CUNTAIS AN FHOAIS TEANGA

7. Nótáil an Chomhairle gur cuireadh Cuntais 2006 an Fhorais Teanga faoi bhráid Thionól Thuaisceart Éireann agus an Oireachtais an 24 Meán Fómhair 2010 agus gur cuireadh obair allamuigh a bhain leis an Iniúchadh i gcrích maidir leis na Tuarascálacha Bliantúla agus leis na Cuntais don bhliain 2007, 2008 agus 2009 agus go ndéanfar an comhdhlúthú a luaithe agus is féidir é.

CUR I LÁTHAIR Ó FHORAS NA GAEILGE AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHT NA hULTAISE

8. Rinne Foras na Gaeilge cur i láthair os comhair na Comhairle i ndáil leis an bhFoclóir tábhachtach nua Béarla-Gaeilge agus rinne Gníomhaireacht na hUltaise cur i láthair ar fheidhmiú Scéim na nOibrithe Pobail a tugadh isteach ar bhonn piolótach sa bhliain 2010.

GNÍOMHAIREACHT NA hULTAISE - CÚRSAÍ FOIRNE

9. Nótáil na hAirí an dul chun cinn a rinneadh ar an athbhreithniú ar an struchtúr nua foirne i nGníomhaireacht na hUltaise agus d'aontaigh siad go ndéanfaí ainmniú Hazel Campbell, Uasal, ina Príomh-Fheidhmeannach Eatramhach a shíneadh go deireadh mhí an Mhárta 2011.

ATHBHREITHNIÚ GHNÍOMHAIREACHT NA hULTAISE AR CHOMHLACHTAÍ BUNMHAOINITHE

10. Nótáil an Chomhairle moltaí an athbhreithnithe a rinne Gníomhaireacht na hUltaise ar na heagraíochtaí bunmhaoinithe agus d'iarr siad ar an nGníomhaireacht breithniú a dhéanamh ar an gcaoi ab fhearr chun na moltaí a chur i bhfeidhm chun luach ar airgead agus cáilíocht a chinntiú.

ATHBHREITHNIÚ FHORAS NA GAEILGE AR CHOMHLACHTAÍ BUNMHAOINITHE

11. Nótáil an Chomhairle an staid reatha i ndáil leis an athbhreithniú a rinne Foras na Gaeilge ar eagraíochtaí bunmhaoinithe. Nótáil na hAirí moltaí i ndáil le comhshocruithe feabhsaithe don chur i bhfeidhm, lena n-áirítear bainisteoir tionscadail a cheapadh agus coiste stiúrtha agus coiste comhairleach a bhunú. D'aontaigh siad, sa chomhthéacs gur leor an dul chun cinn atá á dhéanamh ar an gcur i bhfeidhm, go bhféadfadh Foras na Gaeilge leanúint, go dtí deireadh Bealtaine 2011, ag tabhairt maoiniú eatramhach d'eagraíochtaí a bhfuil á maoiniú i láthair na huair agus go ndéanfaí dul chun cinn a thuirisciú ag an gcéad chruinniú eile CATT den Fhoras Teanga.

CÚRSAÍ FOIRNE AGUS DÍLÁRÚ FHORAS NA GAEILGE

12. Nótáil na hAirí forbairtí a rinneadh le gairid i ndáil le hearcaíocht, lena n-áirítear naoi gceapachán (cúig cheapachán i nGaoth Dobhair agus ceithre cinn i mBaile Átha Cliath) agus cúig thairiscint ar phost (ceithre cinn i nGaoth Dobhair agus ceann i mBaile Átha Cliath). Nótáil an Chomhairle an staid reatha i ndáil le Tionscadal an Fhoclóra nua Béarla-Gaeilge, ós rud é gur ceadaíodh d'Fhoras na Gaeilge baill bhreise foirne a fháil ar conradh ar an gcoinníoll go nglanfaí na costais trí athdháileadh a dhéanamh ar mhaoiniú laistigh de na buiséid cheadaithe.

DÁTA AN CHÉAD CHRUINNITHE EILE

13. Chomhaontaigh an Chomhairle an chéad chruinniú eile i bhformáid rannach an Fhorais Teanga a thionól in Earrach na bliana 2011.

**An Chomhrúnaíocht
3 Samhain 2010**